Anagaire

Ag an Ċúirt Dúiċe in Anagaire cáineaḋ Aoḋ Ó Duiḃeanaiġ, Rann na Feirste, agus Brian Ó Duiḃeanaġ, Doire na Mainséar, £5 an duine ar ḋá ċúis fá iascaireaċt le eangaċ ag béal Aḃainn Ċroiċṡlí agus h-ordaíoḋ díoḃa costaisí £4-3-0 a íoc eatarṫa. Dúirt Pádraic Ó Domhnaill, T.D., ar son Ḃord Iascaireaċta Leitir Ceanainn, go ḃfuarṫas an ḃeirt ḟear agus eangaċ sínte treasna béal na h-aḃna acu agus ċaon ḋuine acu ag coinneáil ceann dó. Ḃí céadúnas fá ċoinne eangaċ draft nó tarraingte ag fear amháin acu, aċ ineall buan ab ea an rud seo. Dúirt an Garda Ó Curráin, ar an 16ú lá do Iúil seo caite, go ḃfuair sé Aoḋ Ó Duiḃeanaiġ ag Doire na Mainséar, ag coinneáil ceann de eangaċ a ḃí sínte treasna aḃainn Ċroiċṡlí agus ar ṫaoḃ Ġaoṫ Doḃair ḃí Brian Ó Duiḃeanaiġ ag coinneáil an ċeann eile de. Ḃí bradán amháin san eangaċ. Dúirt Aoḋ go raiḃ céadúnas aige úsáid a ḃaint as an eangaċ agus go raiḃ ceart aige sin a ḋéanamh. Ḃí an aḃainn cúng ag an áit seo, agus ḃí an eangaċ díreaċ treasna. Ḋá ċros-ċeistniú ag an Uasal Delap ar son na gcosantóirí, dúirt sé gur iascaireaċt príomháideaċ a ḃí anseo, taoḃ istiġ den áit ar ḃuail uisce na farraige ⁊ uisce na haḃna le ċéile. Ní raiḃ an eangaċ ceangailte aċ ḋá ċoinneáil go teann. Ḃí Brian Ó Duiḃeanaiġ 'na ṡeasamh ar ċarraig ar ṫaoḃ Ġaoṫ Doḃair de. ⁊ díreaċ nuair a ḃí an Garda a' teaċt ċuaiġ an bradán isteaċ san eangaċ. Ṫug an Sáirsint Ó Gaorṫa fianaise fosta. Ag freagairt an Uasal Delap, dúirt an Sáirsint naċ ndearna ceaċtar den ḃeirt acu iarraċt ar riṫ ar ṡiúl. Iascaireaċt príomháideaċ le Seán Ó Gallċoḃair, Croiċṡlí, ab' ea seo. Ṫáinig an lánmara aníos an aḃainn ḟad leis an droiċead, agus ḃí na cosantóirí ag iascaireaċt taoḃ ṫíos den droiċead. Dúirt an tUasal Delap go gcaiṫfí a ċruṫú naċ raiḃ cead ag na cosantóirí óna h-uainéirí iascaireaċta a ḋéanamh. Aċ, dúirt an tUasal Ó Domhnaill nár ġá seo. agus dúirt sé go raiḃ sás báis ag an uainéar ansin do ḃradáin, aċ naċ dtiocfaiḋ le duine ar biṫ aċ é féin é ḃeiṫ aige. Ṁol an tUasal Ó Domhnaill na gardaí in Anagaire as ċom maiṫ agus a ḃí siad ag comhlíonaḋ a ndualgaisí de ṫairḃe iascaireaċta.

Ḃí Cormac Ó Breisleáin, T.D., Leas-Ċeann Comhairle, i gceannas ag toġaḋ na h-oifigeaċ ag cruinniú cinn-ḃliana Ċumann Ṫomáis Aġais de Ḟianna Fáil in Anagaire. Toġaḋ: Uaċtarán, Séamas Ó Searcaiġ; leas-uaċtarán —Peadar Ó Dúṫaiġ (Éamonn); Cisteoirí. Antoine Seán Ó Domhnaill agus Éamonn Ó Searcaiġ; rúnaí onórach, Caṫal Ó Gallċoḃair; rúnaí cúnta. Séamas Ó Domhnaill. Teaċtaí den Ċomhairle Ceantair: Antoine Ó Domhnaill agus Éamonn Ó Searcaiġ. Laḃair an Teaċta Ó Breisleáin fá na deontaisí a ḃí ar fáil fá ċoinne tíṫe agus fá ċoinne díogú, claiṫeaċa, aol, tógáil boiṫí feirme ⁊ mar sin. Dúirt sé gur dóiċe go raiḃ cuid mhór naċ raiḃ eolas acu ar na deontaisí seo, agus go mbeaḋ tuilleaḋ buntáistí le fáil ag an Ġaeltaċt dá mbeaḋ eolas ag na daoine ar na deontaisí seo. D'iarr sé ar baill an ċumainn an t-eolas a scaipeaḋ fríd an pobal. Cuireaḋ rún buíoċas i ḃfeiḋm leis an Teaċta Ó Breisleáin as a ċuid oibre ar son pobal na h-áite.

An tseaċtain seo caite. d'éag Bríd Bean Uí Earlaiġ, as Anagaire, in aice le Leitir Ceanainn. Ḃí sí ós cionn na dtrí scór go leiṫ. Fágann sí fear céile faoi ḃrón, ċom maiṫ lena cúigear mac agus beirt iníonaċ. In Anagaire a cuireaḋ í, agus ḃí slua mór ar fad leis an tórramh. Níṫear comhḃrón lena clann, ⁊ le Séamas Ó Domhnaill. agus Seosamh Ó Domhnaill, Loċ na nDeorán, deirṫeáraċa, agus Eiḃlín Bean Uí Ṡearcaiġ, Anagaire, deirfiúr.

...Bás eile a d'ḟág brón in Anagaire. ab ea Seosamh Mac Giolla Ḃríde, Mín Doire na Slua, atá ina ċónaí i nGlascú le cúpla bliain. Ní raiḃ sé aċ ós cionn na dtrí scóir. Ḃí sé gníomhaċ i gCogaḋ na Saoirse; ġlac sé páirt in gaċ ionsaí dá dearn Briogáid Iarṫar Dún na nGall, agus é ina ḃall de Flying Column de Ċéad Roinn na Tuaiscirt. Rinneaḋ príosúnaċ dó féin agus beirt deartár leis, agus i'diaiḋ tamall a ċaiṫeamh i bpríosún Ḋoire tugaḋ go campa geiḃin Baile Cionn Lár, iad i gCo. an Dún. áit a raiḃ siad faoi ġlas go dtí an Sos Cogaiḋ ar an 11ú Iúil, 1921. Go gearr ina ḋiaiḋ sin ċuaiġ sé féin agus a ḋeartár, Míċeál go dtí na Stáit Aontaiṫe áit a raiḃ sé na ċónaí ar feaḋ cúpla bliain. Tugaḋ an corp na ḃaile as Glascú le cur i reilig Anagaire, sa ḃaile. Ar an slua an mhór ar an tórramh, ḃí cuid do na ċomrádaiṫe i gCogaḋ na Saoirse. Níṫear comhḃrón le Máire Bean Ṁic Giolla Ḃríde, baintreaċ. Taḋg agus Proinnsias, mic; Niall Mac Giolla Ḃríde, Mín Doire na Slua, Muiris Mac Giolla Ḃríde, Loċ an Iúir, Séamas Mac Giolla Ḃríde, Anagaire. Míċeál Mac Giolla Ḃríde, Na Stáit Aontaiṫe, agus Pádraic Mac Giolla Ḃríde, Mín Doire na Slua. deartáraċa; Máiréad Nic Giolla Ḃríde, Mín Doire na Slua. deirfiúr. An tAṫair Mac Ḟionnġaile, S.P., agus an tAṫair C. Ó Cuinneagáin, S.C., adúirt na paidreaċa ag an uaiġ.

Cibé fá Gaeltarra nó Roinn nó Gael-Linn nó eile, siad bunú na h-áite féin is fearr atá ag seasamh leis an Ġaeltaċt. Insan am i láṫair. tá dornán cailíní ó Anagaire ag fáil obair insan monarcan nua Cladyknit, i nGaoṫ Doḃair.

FOLÚNTAIS DO THIOMÁNAITHE BUS

C.I.E

Beidh uimhir áirithe folúntas do thiománaithe bus ar fáil ó mhí Márta, 1965, i Seirbhísí Bus C.I.E. i gCathair Atha Cliath.

Aois—Idir 23 agus 40 bliain.
Airde—Idir 5' 7" agus 6' 0".

Beifear ag lorg fianaise ó iardatasóirí go bhfuil taithí acu ar fheithiolí trom-ualaigh a thiomáint.
Gach iarartasóir go n-éiroínn leis déanfaidh sé cúrsa oiliúna coicíse sul má thosaíonn sé ag obair. Gheobhaidh sé liúntas £5. 7. 3. in aghaidh na seachtaine don choicís seo.
Na h-iarratasóirí go n-éirionn leo, fostófar iad go sealadach i dtosach báire, ar phá nach lú ná £10. 14. 6. in aghaidh na seachtaine. Beidh deiseanna ar fáil do thiománaithe chun níos mó ná an méid seo a shaothrú.
Tar éis dióbh téarma sásúil tástala dhá mhí déag a chur isteach ceapfar ar an mbuanfhoireann iad.
Cuirtear iarratais i scribhinn chuig: Oifigeach Foirne Seirbhísí Atha Cliath, Córas Iompair Eireann, 59, Sr. Ui Chonaill Uach., Baile Atha Cliath, 1. Dírítear aire na n-imirceoirí ar an bhfógra seo.
Dícháileofar aon duine a lorgaíonn fabhar.

Gaoiḃearra

Tá míṡásamh fá'n ġleann agus ar ḋá ṫaoḃ na haḃna fá rud adúirt C. S. Ó Cinnéide de Cumann Iascairí Leitir Ceanainn, go dtug a ċumann síntiús £50 fá ċoinne sceiṫ a ċur in Aḃainn Gaoṫḃearra, rud a ḟoilsíoḋ ins na páipéir Béarla insan áit.

Deir S. Ó Caimbéal, rúnaí onórach, Ċumann Iascairí Ġaoṫḃearra, naċ ḃfuair siad airgead nó caḃair ar biṫ ó Ċumann Iascairí Leitir Ceanainn, fá ċoinne scéiṫ a ċur in aḃainn Ġaoṫḃearra.

Is le uainéirí talaimh ar ḋá ṫaoḃ na h-aḃna iascaireaċt aḃann Gaoṫḃearra, agus ní maiṫ leo daoine as baile amuiġ a ḃeiṫ ag cur isteaċ air, agus táṫar mí-ṡásta i gceart fá ndaoḃ dé an rud seo a ṫaḃairt le fios go ḃfuil daoine eile ag taḃairt aire do iascaireaċt na h-aḃna.

Ag an Ċúirt Dúiċe an an Ċloċán Liaṫ, cáineaḋ Seán 'Ac Doċartaiġ, Tearmon, An Cloċán Liaṫ, 20s. as gan solus cúl clé a ḃeiṫ ar a ġluaisteán ag Maiġ Dumḃa, ar an 21ú lá do mhí na Nollag seo caite. Ligeaḋ Seosamh Ó Gallċoḃair, Mín Doire, An Cloċán Liaṫ, ar ṡiúl fá Aċt na gCéad Ċoirṫeaċ, ar ċúis dá leiṫéid ag Máiġ Dumhaċa, ar an 20ú lá de mhí na Nollag.

Nuaíoċt as na Dúnaiḃ

Comhġáirdeas le Séamas Ó Grataim agus a ṁac. Daiḃí, a ḃfuil contract an obair-iarainn faiġte acu don óstán mór nua atá a ċur suas ag Lios Feannáin, an Golf Hotel, in aice le Bun Crána. Níl anseo aċ ceann amháin de na conartaí ṫroma a ḃí idir-lámhaiḃ ag an comhluċt ceirde miotalóireaċta seo, i nDuiḃlinn Mór i ndeas do Ċarraig Airt le cúpla bliain.

Ḃí coimhlint-dairt a raiḃ £50 de ḋuais le tógáil ag an ḟoirinn ab' ḟearr, ḃí sin ann oíċe Ċéadaoin s' ċuaiġ ṫart in óstán Uí Luaḋóig i gCrannport idir bunaḋ Ḟánaide: Seán Ó Gallċoḃair (captaen) agus Séamas Ó Siail (as Mar-Ros) agus Éamon Mac Monagail agus Seán Ó Friail as Portsálúin — agus foireann as Ros Goill. Ḃain siadsan an cluiċe in éadán muintir Ċarraig Airt (foireann an North Star, 'B'): Enrí Ó Cuilín (captaen), Éamon Mac Suiḃne, Páid Mac Laifeartaiġ agus Brian Mac Giolla Ḃríde. Ḃí oíċe ar dóiġ acu.

Ḃí iománaíoċt-ġoilf ann ar na mallaiḃ ar faiċe an Rosapenna idir Ruairí Ó Gallċoḃair, príomhoide scoile an Ġleanna, ⁊ Peats Mac Laifeartaí as Carraig Airt — an "Beatle" mar ṫugtar air go h-ionmhuin: cionas go raiḃ baint aige leis an dream ċeolmhar sin nuair a ḃí sé ag obair insan Palladium, i Londain, anuraiḋ.

Ceannaċóir Caorać

Briseaḋ ceangal leis an tsean tsaol le bás Séamas Ó Breisleáin, Árd a' Ráṫa, ar na mallaiḃ. B'é an duine deireannaċ dena sean ceannaiṫeoirí agus tiománaiṫe caoraċ é. Ba ioma uair a ṡiúil sé ó aontaí i nDún na nGall go Baile Breacáin, Iúḃar Ċinn Trá, Dún Dealgan, ⁊ Béal Feirste, agus ḃeaḋ sé ar an aistir ar feaḋ seaċtaine. Ba ioma uair a ṫiomáin sé ó 500 - 600 caoraċ gan de ċuidiú aige aċ an mada caoraċ a ḃíoḋ leis. Ba ḃreá leis insint go minic fá'n uair a ċaill sé an mada caoraċ seo i nDún Dealgan, agus ċuaiġ an mada ar an traen agus in aineoin gaċ iarraċt a rinneaḋ le é ċur as, d'ḟan sé ar an traen go dtáinig sé ḟad leis an tSráṫ Ḃán, nuair a léim sé de agus riṫ sé an leaṫ-ċéad míle aḃaile go Árd a' Ráṫa.

C.L.C.G. agus Gaeilge

"D'ḟéadfaḋ sé go mbeaḋ ár slioċt ag ainmniú agus ag cúisiú an ġlúin daoine seo, mar an glúin naċ raiḃ sreacaḋ go leor iontu leis an aṫḃeoċaint a iompar ċun tosaiġ," adúirt Seán Ó Cinnéide, O.S., ag comhḋáil Ċumann Lúṫ Ċleas Gael.

"Ba ċeart díoḃa iarraċt mhór a ḋéanamh ar díogras agus dúṫraċt a ṁúscailt faoi céiliṫe agus an teanga insan aos óg."

Ḃí aiméar ag an aos óg anois naċ raiḃ acu ariamh roimhe. Ḃí réamhlóid Gaelaċ ag dul ar aġaiḋ sa tír. Ḃí an Ġaeltaċt ḋá bánú agus ba an ġlúin a ḃí ag ligint dó sin, titim amaċ. Ḃí freagarṫaċt ag gaċ duine go pearsanta as sin.

Dúirt Séamas Mac Ruaiḋrí, go dtiocfaḋ le Cumann Lúṫ-Ċleas Gael níos mó a ḋéanamh don teanga agus do ḋamhsaí céilí ná mar a ḃí ḋá ḋéanamh, nuair a ḃí sé a' molaḋ rún ó Rann na Feirste go dtaḃarfaí tacaíoċt do ḋamhsaí céilí agus an teanga Ġaeilge. Dúirt sé go raiḃ an freastal ar an céilí condae réasúnta maiṫ i mbliana aċ naċ raiḃ sé ag cur le neart Ċumann Lúṫ-Ċleas Gael san ċondae.

Ní raiḃ Cumann Lúṫ-Ċleas Gael ag taḃairt an tacaíoċt ba ċóir do na h-eagrais aṫḃeoċána. Ba ċeart do aċan duine úsáid a ḃaint as cibé cúpla focal a ḃí acu, muna raiḃ ḟios acu an teanga go maiṫ.

Níor ġlac Cumann Lúṫ-Ċleas Gael páirt ġníomhaċ a' ḋéanamh insan feaċtas roimh eisiúint Páipéar Bán an Rialtais. Ḃeaḋ obair mhór ann an Ġaeltaċt a ċaomhnú, agus aineoin na léarscála a foilsíoḋ ḃí an Ġaeltaċt ag cúngú.

Dúirt S. Ó Duiḃir, O.S.. gur ċeart do na Teaċtaí ón Ġaeltaċt gan aċ Gaeilge a laḃairt. D'ḟéadfaí cuid de ġnó na gcruinniṫe a ḃeiṫ i nGaeilge.

Aṫrú bunúsaċ i socrú na gcluiċí

Ag comhḋáil bliantúil Ċumann Lúṫ-Ċleas Gael i nDún na nGall, cuireaḋ i ḃfeiḋm rún ó Ċumann Ċonḃaí go riṫfí an comórtais ceannais insan slí céanna leis an léig sinnsear. Cuireaḋ an rún i ḃfeiḋm le 66 ḃotaí in éadan 41.

A' laḃairt faoi, agus a' caḃrú le Cumann Ċonḃaí, dúirt S. S. Delap, LL.B., Gaoṫ Doḃair, go raiḃ sé ag insint don Ċomhḋáil fá ḋroċ stáid an Iarṫair le ceiṫre bliana, aċ naċ ndearna an coiste iarraċt ar biṫ leis an stáid a ḟeaḃsú.

San Iarṫar. ní raiḃ aċ foireann sinsear amháin, agus níor ċeart go mbeaḋ orṫa teaċt bliain indiaiḋ na bliana ċuig an Comhḋáil ag iarraiḋ seans coimhlinte. Ba ċeart go mbeaḋ an ċoimhlint ar fáil. An ḃliain seo ċugainn nó an ḃliain na ḋiaiḋ, ní ḃeaḋ coimhlint sinsearaċ ar biṫ san Iarṫar.

Dúirt Caṫal Ó Caomhánaiġ, Conḃaí, ag molaḋ an rúin, go raiḃ Gaoṫ Doḃair agus Cearn Domhnaiġ ag gearán naċ raiḃ coimhlint ar biṫ acu go dtí go dtáinig siad ċuig na cluiċí deireannaċa.

Dúirt Seán Ó Cinnéide go raiḃ siad ag teaċt ċuig an stáid go gcaiṫfí aṫeagar a ċur ar na comórtais sinsearaċ.

Dúirt Clement Mac Suiḃne, caṫaoirleaċ. go raiḃ eolas acu fá ḋroċ stáid insan Iarṫar agus mar ġeall ar sin ḃí sé sásta ligint don rún ḋul ar aġaiḋ.

Dúirt Éamonn Ó Duḃċan, O.S., Fálċarraċ, gur ċaill an tIarṫar ar na moilliḃ an Cloċán Liaṫ ⁊ na Dúnaiḃ.

Dúirt Seán Ó Ceallaiġ, Falcarraċ, go raiḃ aċan Cumann insan ċondae ag dul siar mar ġeall ar naċ raiḃ coimhlint go leor ar fáil.

Dúirt an tUasal Ó Cinnéide go raiḃ droċ ċaoi insan Iarṫar agus insan Iardeisceart. Ṁol sé gur ċeart iarraċt a ḋéanamh ar na Rosa agus Gaoṫ Doḃair a ḟáil le ċéile arís. D'ḟéadfaí seo a ḋéanamh fós, agus ċuireaḋ sé ḃail úr ar na cluiċí san Iarṫar.

Ṁeas sé dá dtigeaḋ na Rosa agus Gaoṫ Doḃair le céile faoi an Uasal de Lapp. mar ċaṫaoirleaċ, go ḃféadfaí réiteaċ éigin a ḟáil.

Ag an Ċomhḋáil, tógaḋ:

Uaċtarán, An tAṫair S. P. Mac Eiteagáin, S.P., Carraig; caṫaoirleaċ, Clement Mac Suiḃne. O.S., Málainn; rúnaí. Aoḋ Ó Dálaiġ, Béal Áṫa Seanaiġ; cisteoir, D. Ó Baoill, Na Gleanntaí; cláraiṫeoir, P. S. Mac Giolla, O.S., Árd a' Ráṫa; leas-rúnaí. P. Ó Flanagáin; bainisteoir foirne, C. Mac Duiḃir. Teaċtaí ċuig Ḃord Uladh, S. Ó Cinnéide, O.S., Seán de Lapp, LL.B. ionadaí ar an Árd - Comhairle, Seán Ó Cinnéide.

Le 55 ḃótaí in éadan 34 ḃotáil an Ċomhḋáil an ban a ṫógáil ar feaḋ tréimhse trialaċ.

Ag éirí as rúin ó Rann na Feirste agus Béal Áṫa Seanaiġ, socraíoḋ ceist cluiċí idir-roinne a ḟágáil faoi an coiste airgeadais. Ag molaḋ an rúin, dúirt Séamas Mac Ruaiḋrí, Rann na Feirste, go raiḃ roinnt imireoirí naċ ḃfaiġeaḋ seans ar biṫ dul ar an foireann condae muna ḃfaiġeaḋ siad an seans ar tús imirt ins na roinne fá leiṫ.

Ḃí caiteaċas an Ḃord Condae £1,100 níos mó ná an teaċt isteaċ, agus ag laḃairt ar tuarascáil an ċisteóra, dúirt P. S. Mac Giolla, O.S., go raiḃ stáid práinne ann anois de ṫaoḃ airgeadais.

Dúirt S. Ó Cinnéide go raiḃ siad neamh-ċúramaċ i ngnoṫaí airgeadais, agus lua sé ceist an áit a raiḃ seaċt gcárr ag taḃairt foireann ċuig cluiċe.

Polasaí Luċt Oiḃre

Ag cruinniú den Cumann Liteearṫa agus díospóireaċta, in Ollscoil na Gaillimhe, dúirt leas-ċaṫaoirleaċ an Páirtí Oiḃreaċais Proinnsias Mac Aongusa, naċ raiḃ ceist ar biṫ fá Páirtí an Luċt Oiḃre taréis na céad toġċáin eile dul isteaċ le Fianna Fáil nó le Fine Gael. Ḃí a bpolasaí féin acu, agus ċaiṫfí an polasaí seo a ċur i ḃfeiḋm, adúirt sé. Díospóireaċt ar an ċeist naċ ḃfuil an dara roġa ann i bpolaitíoċt na hÉireann.

Dá gcaillfeá nóta-punt agus tú ag siúl síos an bealaċ mór. ⁊ ṫionntaiġ tú arais ansin agus fuair tú é, caidé an ċéad rud a ḋéanfá? Stád dá ċuartaḋ.